Oilbhéim Uladh easbag Dúin

[Ó Muirgheasa, Énrí: *Dánta Diadha Uladh* (Dublin, 1936), 227-233]

Tuireamh Dhomhnaill Mhic Chiaigh, Easbog Dúin, 1673.

1 Oilbhéim Uladh easbog Dúin,
is cneas-ghoin chumhaidh do’n chléir,
tug ar chách claochladh dá n-uaill,
ní tráth suain do naomh-chléir Néill.

2 Ní goin nár ísligh a n-uaill,
a bhfuil ’san chrích-si de’n chléir;
mór dá mbládh ó’n chléir do chóidh
ní léir um neóin gal ’san ghréin.

3 I n-arus Dhroma fá dhíon,
gé bráighe sonna, budh saor,
mo thruaighe i ngéibhionn mar ghiall,
guaire cliar Éireann gan aon.

4 Breitheamh cara críche Néill,
Pádraig na tíre-se thuaidh,
croidhe gan chuma le cnáimh,
urradh cháigh uil’ san uaigh.

5 Scótus re sgaoileadh na sgéal,
saor-fhear i gcorraidh nár chlaon,
tobar ba gile ná’n ghrian,
croidhe fial gan obadh d’aon.

6 Luibh léighis dá ndearnadh dóigh,
ár n-eangnamh, ár n-eite lúith,
orra ba cian forfhaire cháigh,
fáidh Droma, diadhaire Dúin.

7 Sreabh is fíor-ghlaine ná fíon,
gá fear is líonmhaire luadh,
cruithneacht gan chogal, an chraobh,
tobar saor sruith-bhleacht na suadh.

8 Cosamhail gur gabhadh ár ngeall -
tré ursain achaidh na bhfiann;
easbog le cabhair na gclann,
crann toraidh, an fleasgbog fial.

9 Mór do chuaidh síos ann d’ár séan
tré Ghuaire, dróin na ndruidh;
tháinig d’oidheadh chinn na gcliar

sinn gan riar, ’osnadh monuar.

10 D’ár neamh-rath nár fhuirigh uainn,
an ruire dearbh-sa Dúin,
loinnear is dubhadh ’n-a dheóidh,
coinneal eóil Uladh san úir.

11 Ceannaidhe féile na bhfann
gár cuireadh cré ós a chionn,
easbog na gcliar is na gceall -
níor mheall riar an fleasc beó binn.

12 Créad acht díogail a dhreach dhearg,
’s a chneas lío-ghlan mar an ládhg,
tug easgar ar feadh na n-ord -
fear ar lorg na n-easpal n-árd?

13 Gion go bhfuair ó’n éag sin íocht -
réalt gan cruas acht ré ceart -
fóghnaidh dhó, gé taoi ’n-a thocht,
bó na mbocht tráth luigh fá’n leacht.

14 Re linn an Domhnaill seo Dúin
a bhfoghluim san chill do chóidh,
níor bheag ail aon bhéim do bhuain
buaidh ag cléir Pheadair is Phóil.

15 An éasga nua-lán gach laoi,
monuar go ráinig a ré;
dítin m’óige ndorchada í,
thar ní uile is oilbhéim é.

16 I n-uaigh Dhomhnaill - gá dtám ris! -
an fhoghluim nár ghann faoi gheis;
mór dtairbhe dhúinn ré ais
thárla glais an léighinn leis.

17 Iomdha dream gan aithne ar fhios
go teann gach laethe as a los;
do lucht saobh-chiall nach mór meas
ceas ar ghlór naomh-chliar anos.

18 Forgla ar sgéil amhlaidh do fhast
ó’n té sé tharla ’n-a thost;
caidé an t-aon-fhear nó fáidh feas’
re sgaoileadh ceist cháigh do chosg?

19 D’éis an déigh-fhir iúlmhair úd
cia stiúirfeas na neithe do-ghníodh?

beag sanntrian toirithin do’n tréad,
cliar ar n-éag gan oighir iad.

20 Ré iúlmhar Chlainne mhic Ciaigh,
stiúireadh a luinge go léir
thug an dáil doirche ’n-a ndeóidh,
a lán beóil choidhche dá chléir.

21 An eaglais dob’ fhoirfe is daor,
an eagna choidhche do cheil;
uili a dtairbhe i n-uaigh an fhir,
buaidh sin thárla ar an treibh.

22 Tar druing d’achaidh fhionn-bhán Ir
a mbladh iomlán ’san uaigh;
daor an díle-si na ndeóidh -
craobh eóil na tíre-si thuaidh.

23 A Dhia neimhe, cread an choir
do luigh ar an déid-gheal dil?
tar múr Dé na dtrillseadh gcuirr,
nó an é coir na sinnsear sin?

24 Nach leór mar fhiadhain do’n fhear -
gé mór i ndiamhair ag dul -
foghail na néal is neamh,
fréamha feadh ag bloghadh ’n-a mbun.

25 Cidh nach sgoilteann lár na liag
fá’n ghlaic sheing nár ghnáth grúg?
gan díon maighre ar muir dá mhéad
créad nár mhuidh na h-aibhne úd?

26 Fathan gola ag inghin óig
anois fá imlibh an fháidh;
tig na tonna trasna tríd,
fá lig Droma an tan-sa táid.

27 Trí fiche, trá, ’s a’ trí déag,
míle is sé chéad re coimheád,
ó uain Dé do chur ’san chrann
go cré do dhul ar Dhomhnall.

28 Oighre Dé do dhóirt a fhuil
do céasadh ’san chroich gan choir
laethe an Luain - díol nár dlighe -
do dhíon an fhir nach bhfuair oil.